BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Mór-Dhlísheomra)

4 Feabhra 2025*

(Tarchur chun réamhrialú – Beartas tearmainn – Stádas dídeanaí nó stádas cosanta coimhdí – Treoir 2011/95/AE – Airteagal 34 – Rochtain ar shaoráidí comhtháthaithe – Oibleagáid, faoi phian fíneála, pas a fháil i scrúdú lánpháirtíochta sibhialta – Duine a thairbhíonn de chosaint idirnáisiúnta nár éirigh leis i scrúdú den chineál sin in am – Oibleagáid chun fíneáil a íoc – Oibleagáid costais iomlána clár agus scrúduithe lánpháirtíochta sibhialta a íoc – Féidearthacht iasacht a fháil d'fhonn na costais sin a íoc)

I gCás C-158/23 Keren[i],

IARRAIDH ar réamhrialú de bhun Airteagal 267 CFAE, ón Raad van State (an Chomhairle Stáit, an Ísiltír), trí bhreith an 15 Márta 2023, a fuarthas ag an gCúirt an 15 Márta 2023, sna himeachtaí idir

T.G.

v

Minister van Sociale Zaken en Werkgelegenheid

tugann AN CHÚIRT (an Mór-Dhlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: K. Lenaerts, Uachtarán, T. von Danwitz, Leas-Uachtarán, K. Jürimäe, C. Lycourgos, I. Jarukaitis, A. Kumin agus N. Jääskinen, M. Gavalec, Uachtaráin Dlísheomra, E. Regan (Rapóirtéir), I. Ziemele agus Z. Csehi, Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: L. Medina,

Cláraitheoir: A. Lamote, Riarthóir,

ag féachaint don chuid i scríbhinn den nós imeachta agus i dtaca le héisteacht an 20 Feabhra 2024,

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha a cuireadh isteach thar ceann iad seo a leanas:

– T.G., ag E. E. M. Bezem, advocate, agus S. Rafi, saineolaí,

– Rialtas na hÍsiltíre, ag M. K. Bulterman, H. S. Gijzen agus C. Schillemans, i gcáil Gníomhairí,

* Teanga an cháis: an Ollainnis.

[i] Is ainm bréige é ainm an cháis seo. Ní fhreagraíonn sé d'fhíorainm aon cheann de na páirtithe sna himeachtaí.

– an Coimisiún Eorpach, ag A. Azéma, J. Hottiaux agus S. Noë, i gcáil Gníomhairí,

tar éis éisteacht le Tuairim an Abhcóide Ghinearálta ag éisteacht an 6 Meitheamh 2024,

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Baineann an iarraidh ar réamhrialú seo le léiriú ar Airteagal 34 de Threoir 2011/95/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le caighdeáin i dtaca le cáiliú náisiúnach tríú tír nó daoine gan stát mar thairbhithe de chosaint idirnáisiúnta, ar mhaithe le stádas aonfhoirmeach do dhídeanaithe nó do dhaoine atá incháilithe le haghaidh cosaint choimhdeach, agus inneachar na cosanta a thugtar (IO 2011 L 337, lch. 9).

2 Rinneadh an iarraidh sin in imeachtaí idir T.G. agus Minister van Sociale Zaken en Werkgelegenheid (an tAire Gnóthaí Sóisialta agus Saothair, an Ísiltír) (‘an tAire’) maidir le cinneadh, ar an gcéad dul síos, lenar ghearr an tAire fíneáil EUR 500 ar T.G. ar an bhforas gur theip air pas a fháil sa scrúdú lánpháirtíochta sibhialta dá bhforáiltear i ndlí na hÍsiltíre do thairbhithe de chosaint idirnáisiúnta laistigh den teorainn ama agus, ar an dara dul síos, lenar thug sé ordú do T.G. iasacht EUR 10 000 a aisíoc ar thug údaráis phoiblí na hÍsiltíre dó ionas go mbeadh sé in ann costais na gclár lánpháirtíochta sibhialta a íoc.

An dlí

Dlí idirnáisiúnta

3 Tháinig an Coinbhinsiún i dtaobh Stádas Dídeanaithe, a síníodh sa Ghinéiv an 28 Iúil 1951 (*Sraith Chonarthaí na Náisiún Aontaithe*, Iml. 189, lch. 150, Uimh. 2545 (1954)), i bhfeidhm an 22 Aibreán 1954. Forlíonadh agus leasaíodh é leis an bPrótacal maidir le Stádas Dídeanaithe, a tugadh i gcrích i Nua Eabhrach an 31 Eanáir 1967, a tháinig i bhfeidhm an 4 Deireadh Fómhair 1967 (‘Coinbhinsiún na Ginéive’).

4 Foráiltear mar a leanas le hAirteagal 34 de Choinbhinsiún na Ginéive, dar teideal ‘Eadóirseacht’:

‘Éascóidh na Stáit Chonarthacha comhshamhlú agus eadóirseacht dídeanaithe a mhéid agus is féidir. Déanfaidh siad, go háirithe, gach iarracht chun na himeachtaí eadóirseachta a dheifriú agus laghdóidh siad na táillí agus costais d’imeachtaí den sórt sin a mhéid agus is féidir’. [Aistriúchán neamhoifigiúil.]

Dlí an Aontais

Treoir 2003/109/CE

5 Foráiltear mar a leanas le hAirteagal 5(2) de Threoir 2003/109/CE an 25 Samhain 2003 maidir le stádas náisiúnach tríú tír is cónaitheoirí fadtéarma iad (IO 2004, L 16, lch. 44), dar teideal 'Coinníollacha maidir le stádas cónaithe fhadtéarmaigh a fháil':

'Féadfaidh na Ballstáit a cheangal ar náisiúnaigh tríú tír coinníollacha lánpháirtíochta a chomhlíonadh, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta.' [Aistriúchán neamhoifigiúil.]

Treoir 2011/95

6 Leagtar amach an méid seo a leanas le haithrisí 12, 41 agus 47 de Threoir 2011/95:

'(12) Is é príomhchuspóir na Treorach seo, ar thaobh amháin, a áirithiú go gcuirfidh na Ballstáit critéir chomhchoiteanna i bhfeidhm chun daoine a bhfuil cosaint idirnáisiúnta de dhíth orthu i ndáiríre a shainaithint, agus, ar an taobh eile, a áirithiú go mbeidh íosleibhéal sochar ar fáil do na daoine sin i ngach Ballstát.

[...]

(41) Chun feabhas a chur ar fheidhmiú éifeachtach na gceart agus na sochar a leagtar síos sa Treoir seo ag tairbhithe de chosaint idirnáisiúnta, is gá a chur san áireamh na riachtanais sonracha atá acu agus na dúshláin lánpháirtíochta sainiúla a bhíonn rompu. De ghnáth, níor cheart cóir níos fabhraí ná an chóir a thugann na Ballstáit dá náisiúnaigh féin a bheith mar thoradh ar an mbreithniú sin, gan dochar don fhéidearthacht atá ag na Ballstáit caighdeáin níos fabhraí a thabhairt isteach nó a choinneáil.

[...]

(47) Ba cheart go gcuirfí riachtanais agus gnéithe sonracha an tsuímh dídeanaithe san áireamh, a mhéid agus is féidir, sna cláir lánpháirtíochta a sholáthraítear dóibh lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, traenáil teanga agus an cur ar fáil d'eolas maidir le cearta aonair agus oibleagáidí a bhaineann lena stádas cosanta sa Bhallstát lena mbaineann.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

7 Foráiltear le hAirteagal 1 den Treoir sin, dar teideal 'Ábhar':

'Is é cuspóir na Treorach seo caighdeáin a leagan síos maidir le caighdeáin i dtaca le cáilitheacht náisiúnach tríú tír nó daoine gan stát mar thairbhithe de chosaint idirnáisiúnta, ar mhaithe le stádas aonfhoirmeach do dhídeanaithe nó do dhaoine atá incháilithe le haghaidh cosaint choimhdeach, agus maidir lena bhfuil sa chosaint a thugtar.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

8 Áirítear Airteagail 20 go 35 i gCaibidil VII den Treoir sin, dar teideal 'Inneachar na Cosanta idirnáisiúnta'.

9 Foráiltear in Airteagal 20(3) den Treoir sin, dar teideal ‘Rialacha ginearálta’ mar a leanas:

‘Agus iad ag cur na Caibidle seo i bhfeidhm, cuirfidh na Ballstáit cúinse shonrach atá ann do dhaoine leochaileacha san áireamh, lena n-áirítear mionaoisigh, mionaoisigh neamhthionlactha, daoine faoi mhíchumas, daoine scothaosta, mná torracha, tuismitheoirí aonair ag a bhfuil leanaí mionaoiseacha, íospartaigh na gáinneála ar dhaoine, daoine a bhfuil fadhb mheabhairshláinte acu agus daoine a ndearnadh céasadh, éigniú nó cineálacha tromchúiseacha eile foréigin shíceolaíoch, fhisiciúil nó ghnéasaigh orthu.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

10 Leagtar síos in Airteagal 24 de Threoir 2011/95, dar teideal ‘Cead cónaithe’:

‘1. A luaithe is féidir tar éis cosaint idirnáisiúnta a bheith deonaithe orthu, eiseoidh na Ballstáit cead cónaithe do thairbhithe de stádas dídeanaí a bheidh bailí ar feadh tréimhse 3 bliana ar a laghad agus a fhéadfar a athnuachan, mura n-éileofar a mhalairt ar chúiseanna dianriachtanacha a bhaineann leis an tslándáil náisiúnta nó leis an ord poiblí, agus gan dochar d’Airteagal 21(3).

Gan dochar d’Airteagal 23(1), is féidir cead cónaithe atá bailí ar feadh tréimhse níos lú ná 3 bliana agus a fhéadfar a athnuachan a eisiúint do bhaill teaghlaigh tairbhithe de stádas dídeanaí.

2. A luaithe is féidir tar éis cosaint idirnáisiúnta a bheith deonaithe, eiseoidh na Ballstáit cead cónaithe do thairbhithe de stádas cosanta coimhdí agus dá mbaill teaghlaigh a bheidh bailí ar feadh tréimhse bliana ar a laghad agus a fhéadfar é a athnuachan ar feadh tréimhse 2 bhliain ar a laghad, mura n-éileofar a mhalairt ar chúiseanna dianriachtanacha a bhaineann leis an tslándáil náisiúnta nó leis an ord poiblí.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

11 Foráiltear mar a leanas le hAirteagal 34 den Treoir sin, dar teideal ‘Rochtain ar shaoráidí comhtháthaithe’:

‘Chun lánpháirtiú na dtairbhithe de chosaint idirnáisiúnta sa tsochaí a éascú, áiritheoidh na Ballstáit rochtain ar chláir lánpháirtíochta a mheasann siad a bheith iomchuí chun sainriachtanais na dtairbhithe de stádas dídeanaithe nó de stádas cosanta coimhdí a chur san áireamh, nó réamhchoinníollacha a chruthú a ráthóidh rochtain ar na cláir sin.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Dlí na hÍsiltíre

12 Foráiltear mar seo a leanas le hAirteagal 3.4 den Wet houdende algemene regels van bestuursrecht (algemene wet bestuursrecht) (‘an Dlí lena leagtar síos rialacha ginearálta maidir leis an dlí riaracháin’) [‘an Dlí ginearálta maidir leis an dlí riaracháin’] an 4 Meitheamh 1992 (Stb. 1992, Uimh. 315), sa leagan is infheidhme maidir leis an díospóid sna príomhimeachtaí:

‘1. Bainfidh an comhlacht riaracháin cothromaíocht amach idir na leasanna a bhfuil baint dhíreach acu leis an gcinneadh, laistigh de na teorainneacha a leagtar síos leis an dlí nó le cineál na cumhachta atá le feidhmiú.

2. Ní fhéadfaidh na héifeachtaí díobhálacha atá ag cinneadh ar pháirtí leasmhar amháin nó níos mó a bheith díréireach leis na cuspóirí a shaothraítear leis an gcinneadh.'

13 Foráiltear mar seo a leanas le hAirteagal 5:46(2) den dlí ginearálta sin, sa leagan is infheidhme maidir leis an díospóid sna príomhimeachtaí:

'Mura socraítear méid na fíneála riaracháin le foráil dlí, déanfaidh an comhlacht riaracháin an fhíneáil riaracháin a choigeartú de réir thromchúis an tsáraithe agus de réir a mhéid is féidir an locht a chur ar an gciontóir as an sárú sin. Chuige sin, cuirfidh an comhlacht riaracháin san áireamh, i gcás inarb iomchuí, na cúinsí ina ndearnadh an sárú. [...]'

14 Foráiltear mar seo a leanas le hAirteagal 3 den Wet inburgering ('an Dlí maidir le lánpháirtíocht shibhialta'), sa leagan is infheidhme maidir leis an díospóid sna príomhimeachtaí:

'Is é an náisiúnach eachtrach a fhaigheann cónaí dlíthiúil de réir bhrí Airteagal 8 (a) agus (c) den Wet tot algehele herziening van de Vreemdelingenwet (Vreemdelingenwet 2000) (an Dlí lena leasaítear an Dlí maidir le heachtrannaigh (Dlí 2000 maidir le heachtrannaigh)) an 23 Samhain 2000 (Stb. 2000, Uimh. 495) atá faoi réir na hoibleagáide lánpháirtíochta sibhialta, agus:

a. a bhfuil cónaí air san Ísiltír seachas chun críche sealadaí, nó

b. atá ina Mhinistir.'

15 Léitear Airteagal 6 den Dlí ar lánpháirtíocht shibhialta mar seo a leanas:

'1. Déanfaidh an tAire an duine a dhíolmhú ón oibleagáid lánpháirtíochta sibhialta i gcás inar shuigh sé, mar gheall ar mhíchumas meabhrach nó fisiceach, nó lagú meabhrach, nach bhfuil sé in ann pas a fháil riamh sa scrúdú lánpháirtíochta sibhialta.

2. Déanfaidh an tAire an duine atá faoi réir na hoibleagáide lánpháirtíochta sibhialta a dhíolmhú ó na codanna den scrúdú lánpháirtíochta sibhialta dá dtagraítear in Airteagal 7(2)(b) agus (c) más rud é, ar bhonn na n-iarrachtaí léirithe a rinne an duine atá faoi réir na hoibleagáide sin, gur cosúil sé nach féidir leis, ar bhonn réasúnta, na codanna sin a chomhlíonadh.'

16 De réir bhrí Airteagal 7 den Dlí sin:

'1. Éireoidh leis an duine atá faoi réir na hoibleagáide lánpháirtíochta:

a. pas a fháil sa scrúdú lánpháirtíochta sibhialta, ná

b. dioplóma, teastas nó doiciméad eile a fháil de réir bhrí Airteagal 5(1)(c).

2. Áireofar na codanna seo a leanas sa scrúdú lánpháirtíochta sibhialta:

[...]

b. Scrúdú ar scileanna béil agus scríofa sa teanga Ollainnise atá comhfhreagrach le leibhéal A2 ar a laghad de Chreat Comhchoiteann Tagartha Eorpach le haghaidh Teangacha (CCTE), agus

c. Scrúdú maidir le heolas faoi shochaí na hÍsiltíre.

[…]

4. Molfaidh an tAire na codanna den scrúdú lánpháirtíochta sibhialta dá dtagraítear i mír 2(b) agus (c).'

17 Foráiltear mar a leanas le hAirteagal 7b den dlí sin:

'1. Éireoidh leis an duine atá faoi réir na hoibleagáide lánpháirtíochta sibhialta pas a fháil, laistigh de 3 bliana, sna codanna den scrúdú lánpháirtíochta sibhialta dá dtagraítear in Airteagal 7(2)(b) agus (c).

2. Cuirfear tús leis an tréimhse 3 bliana dá dtagraítear i mír 1 a luaithe a bheidh an náisiúnach eachtrach faoi réir na hoibleagáide lánpháirtíochta sibhialta.

3. Cuirfidh an tAire síneadh leis an tréimhse 3 bliana dá dtagraítear i mír 1:

a. má léiríonn an duine atá faoi réir na hoibleagáide lánpháirtíochta sibhialta nach féidir an locht a chur air as an gcaoi nár éirigh leis pas a fháil sna gnéithe sin den scrúdú lánpháirtíochta sibhialta in am, nó

b. ar feadh tréimhse 2 bhliain ar a mhéid, nach féidir a athnuachan, i gcás ina ndéanann an duine sin cúrsa litearthachta roimh dhul in éag na tréimhse sin.'

18 Léitear Airteagal 16 den Dlí sin mar a leanas:

'1. Déanfaidh an tAire, arna iarraidh sin, iasacht a dheonú don duine atá faoi réir na hoibleagáide lánpháirtíochta sibhialta má chomhlíonann sé na rialacha, atá le bunú le beart riaracháin ghinearálta, maidir leis na coinníollacha faoina ndéantar an iasacht a dheonú agus an bealach ina ndéantar é dheonú agus maidir le rannpháirtíocht, trí institiúid a chuireann cúrsaí ar fáil, i gcúrsa oiliúna chun críocha an scrúdaithe lánpháirtíochta sibhialta ná chun críocha dioplóma, teastais nó doiciméid eile dá dtagraítear in Airteagal 5(1)(c).

2. Níl aon cheart chun tairbhe a bhaint as iasacht, ná níl an ceart sin ann a thuilleadh, i leith an duine atá faoi réir na hoibleagáide lánpháirtíochta sibhialta, sna cásanna seo a leanas:

[...]

b. nach gcomhlíonann sé an oibleagáid 6 bliana tar éis don teorainn ama dá dtagraítear in Airteagal 7b(1) nó don teorainn ama ar cuireadh síneadh leis de bhun Airteagal 7b(3) nó na rialacha arna leagan síos le hAirteagal 8(1)(a) nó faoin bhfoclaíocht réamhráiteach d'Airteagal 8(1)(a) dul in éag.

3. Íocfar méid na hiasachta leis an institiúid a chuireann na cúrsaí ar fáil agus leis an ionad scrúdaithe arna ainmniú ag an duine atá faoi réir na hoibleagáide lánpháirtíochta sibhialta.

4. Déanfaidh an duine atá faoi réir na hoibleagáide lánpháirtíochta sibhialta, nó an duine a bhí faoi réir na hoibleagáide sin roimhe sin, an iasacht a íoc agus móide ús arna ríomh de bhun na rialacha atá le socrú le nó de bhun beart riaracháin ghinearálta.

[...]'.

19 Foráiltear mar a leanas le hAirteagal 31(1) den Dlí ar lánpháirtíocht shibhialta:

'Gearrfaidh an tAire fíneáil riaracháin ar dhuine atá faoi réir na hoibleagáide lánpháirtíochta sibhialta nár éirigh leo pas a bhaint amach i gcodanna den scrúdú lánpháirtíochta sibhialta dá dtagraítear in Airteagal 7(2)(b) agus (c) laistigh den teorainn ama a leagtar síos faoi Airteagal 7b(1) nó laistigh den teorainn ama ar cuireadh síneadh leis de bhun Airteagal 7b(3) nó na rialacha a leagtar síos faoin bhfoclaíocht réamhráiteach d'Airteagal 8(1) agus pointe (a) de. [...]'

20 Foráiltear le hAirteagal 32 den dlí sin:

'Sa chinneadh ina ngearrtar an fhíneáil dá dtagraítear in Airteagal 31(1), leagfaidh an tAire uastréimhse nua 2 bhliain síos ina gcaithfidh an duine atá faoi réir na hoibleagáide lánpháirtíochta sibhialta, tar éis fhógra an chinnidh lena ngearrtar fíneáil, pas a bhaint amach i gcodanna den scrúdú lánpháirtíochta sibhialta dá dtagraítear in Airteagal 7(2)(b) agus (c).'

21 Faoi Airteagal 33 den dlí sin:

'1. Gearrfaidh an tAire fíneáil riaracháin ar dhuine atá faoi réir na hoibleagáide lánpháirtíochta sibhialta nár éirigh leo i gcodanna den scrúdú lánpháirtíochta sibhialta dá dtagraítear in Airteagal 7(2)(b) agus (c) laistigh den teorainn ama a leagtar síos faoi Airteagal 32. Beidh feidhm ag Airteagal 32 *mutatis mutandis*.

2. I gcás ina dteipeann ar an duine atá faoi réir na hoibleagáide lánpháirtíochta sibhialta, tar éis dhul in éag na tréimhse dá leagtar síos in Airteagal 32, pas a bhaint amach i gcodanna den scrúdú lánpháirtíochta sibhialta dá dtagraítear in Airteagal 7(2)(b) agus (c), gearrfaidh an tAire fíneáil riaracháin ar an duine sin gach 2 bhliain.'

22 Foráiltear mar seo a leanas le hAirteagal 2.8a den Besluit inburgering ('an Fhoraithne maidir le lánpháirtíocht shibhialta') sa leagan is infheidhme sa díospóid sna príomhimeachtaí:

'1. Déanfaidh an tAire an oibleagáid a dhíolmhú, arna iarraidh sin, má tá sé den tuairim go bhfuil an clár lánpháirtíochta sibhialta curtha i gcrích go leordhóthanach ag an duine atá faoi réir na hoibleagáide sin, ar bhealach soiléir. [...]'

23 Foráiltear mar a leanas le hAirteagal 4.1a den Fhoraithne maidir le lánpháirtíocht shibhialta':

'1. Faoi réir fhorálacha Airteagal 16(2) den Dlí (maidir le lánpháirtíocht shibhialta), féadfaidh iasacht ar suas go EUR 10 000 a dheonú ar an duine atá faoi réir na hoibleagáide lánpháirtíochta sibhialta chun na costais a chumhdach ar mhaithe le:

a. cúrsa traenála a dhéanamh ar chodanna, dá dtagraítear in Airteagal 7(2)(b) agus (c) den dlí sin, den scrúdú lánpháirtíochta sibhialta ná den scrúdú Stáit in Ollainnis mar dhara teanga I nó II, dá dtagraítear in Airteagal 7.3.1(1)(c) den Wet houdende bepalingen met betrekking tot de educatie en het beroepsonderwijs (Wet educatie en beroepsonderwijs) (an Dlí lena ndéantar foráil maidir le hoideachas agus gairmoiliúint [an Dlí um Oideachas agus Gairmoideachas] an 31 Deireadh Fómhair 1995 (Stb. 1995, Uimh.501);

b. pas a fháil sa scrúdú Stáit dá dtagraítear faoi phointe (a) nó sa scrúdú lánpháirtíochta sibhialta; ná

c. cúrsa litearthachta a dhéanamh.

2. Socraítear méid na hiasachta ar bhonn ioncam tagartha, atá le ríomh i gcomhréir le hAirteagal 8(1), (2), (3) agus (5) den Algemene wet inkomensafhankelijke regelingen (an Dlí Ginearálta maidir le scéimeanna a bhaineann le hioncam) an 23 Meitheamh 2005 (Stb. 2005, 345) an duine atá faoi réir na hoibleagáide lánpháirtíochta sibhialta agus a pháirtí, dá dtagraítear in Airteagal 3 den dlí ginearálta sin.

3. Ní bheidh feidhm ag mír 2 i leith an duine atá faoi réir na hoibleagáide lánpháirtíochta sibhialta, dá dtagraítear i mír 1, a bhfuil cónaí dlíthiúil ar bhonn:

a. cead cónaithe ar théarma seasta chun críocha tearmainn; ná

[…]

4. ní dheonófar an iasacht atá beartaithe chun freastal ar chúrsa ach amháin i gcás ina ndéanann an duine atá faoi réir na hoibleagáide lánpháirtíochta sibhialta cúrsa in institiúid a chuireann cúrsaí ar fáil ag a bhfuil teastas, dá dtagraítear in Airteagal 9(1) den [Dlí maidir le lánpháirtíocht shibhialta] ná lipéad dá dtagraítear in Airteagal 12(1) den dlí sin.'

24 Is mar seo a leanas atá foclaíocht Airteagal 4.2 den Fhoraithne maidir le lánpháirtíocht shibhialta:

'1. Faoi réir fhorálacha an dara habairt d'Airteagal 16(1) den Dlí [maidir le lánpháirtíocht shibhialta], beidh an duine atá faoi réir na hoibleagáide lánpháirtíochta sibhialta i dteideal tairbhe a bhaint as an iasacht ar feadh na tréimhse dá dtagraítear [in Airteagal] 7b (1) den Dlí sin, ar feadh na tréimhse ar cuireadh síneadh leis dá dtagraítear [in Airteagal] 7b (3), [...] den Dlí sin agus ar feadh na tréimhse a shonraítear sa chinneadh lena bhforchuirtear an fhíneáil dá dtagraítear in Airteagail 29 agus 32 den Dlí sin.'

25 Foráiltear mar a leanas le hAirteagal 4.6 den Fhoraithne sin:

'1. 10 mbliana ar a mhéad a bheidh sa téarma aisíocaíochta. [...]'

26 Foráiltear le hAirteagal 4.9 den Fhoraithne sin:

'I gcás nach bhfuil an féichiúnaí in ann an íocaíocht a chinntear i gcomhréir le hAirteagal 4.8 a íoc, is féidir leis iarratas a dhéanamh chuig an Aire ionas go ndéanfaí a cumas airgeadais a chinneadh don tréimhse aisíocaíochta atá fágtha.'

27 Faoi Airteagal 4.13 den Fhoraithne sin:

'1. Féadfaidh an tAire an iasacht a chur ar ceal, ar iarratas ón duine atá faoi réir na hoibleagáide lánpháirtíochta sibhialta, go hiomlán nó go páirteach, i gcásanna a chinnfear le rialachán ón Aire. [...]

3. Déanfar fiachas a dhíscríobh go hiomlán do náisiúnaigh eachtracha, dá dtagraítear le hAirteagal 4.1a(3), atá faoi réir na hoibleagáide lánpháirtíochta sibhialta ón 1 Eanáir 2013 ná ina dhiaidh sin, i gcás:

a. go bhfuil an chonair as a n-eascraíonn an dearbhú rannpháirtíochta dá dtagraítear in Airteagal 7(2)(a) den Dlí [maidir le lánpháirtíocht shibhialta] curtha i gcrích agus go bhfuarthas pas sna codanna den scrúdú lánpháirtíochta sibhialta dá dtagraítear in Airteagal 7(2)(b) agus (c) den dlí sin;

b. ina bhfuil díolúine ó fheidhm na hoibleagáide lánpháirtíochta sibhialta faoi Airteagal 5 den Dlí [maidir le lánpháirtíocht shibhialta]; ná

c. ina ndeonófar díolmhú ón oibleagáid lánpháirtíochta sibhialta air, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) go (3) den Dlí [maidir le lánpháirtíocht shibhialta].

4. Ní dhéanfar an díscríobh dá dtagraítear i mír 3 ach amháin má tharla na himthosca dá dtagraítear i bpointí (a), (b) nó (c) de laistigh den tréimhse dá dtagraítear in Airteagal 7a(1) den Dlí [maidir le lánpháirtíocht shibhialta] nó laistigh den tréimhse dá dtagraítear in Airteagal 7(1) den dlí sin, nó laistigh den tréimhse ar cuireadh síneadh leis de bhun Airteagal 7a(3) den dlí sin nó Airteagal 7b(3) de, nó faoin bhfoclaíocht réamhráiteach agus pointe (a) d'Airteagal 8(1) den Dlí sin nó de bhun an dlí chéanna.'

28 Foráiltear mar a leanas le hAirteagal 3.1 den Regeling inburgering (Rialacha maidir le lánpháirtíocht shibhialta) sa leagan is infheidhme maidir leis an díospóid sna príomhimeachtaí:

'Is iad seo a leanas na táillí scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 3.3(1) den Fhoraithne maidir le lánpháirtíocht shibhialta:

a. EUR 50 do gach cuid den scrúdú lánpháirtíochta sibhialta dá dtagraítear le hAirteagal 3.9(2)(a) go (c) den Fhoraithne sin;

b. EUR 60 don chuid den scrúdú lánpháirtíochta sibhialta dá dtagraítear in Airteagal 3.9 (2)(d) den Fhoraithne sin;

c. EUR 40 don chuid den scrúdú lánpháirtíochta sibhialta dá dtagraítear in Airteagal 3.9 (3)(a) den Fhoraithne sin;

d. EUR 40 don chuid den scrúdú lánpháirtíochta sibhialta dá dtagraítear in Airteagal 3.9(3)(b) den Fhoraithne sin. [...]'

29 Foráiltear mar a leanas le hAirteagal 1 de na Beleidsregel boetevaststelling inburgering (Treoirlínte maidir le socrú fíneálacha sa chomhthéacs lánpháirtíochta sibhialta) sa leagan is infheidhme sa díospóid sna príomhimeachtaí:

‘D’fhonn méid na fíneála dá dtagraítear in san fhoclaíocht réamhráiteach d’Airteagal 34(c) agus (d) den [Dlí maidir le lánpháirtíocht shibhialta] a chinneadh, déanfar an méid seo a leanas a chur san áireamh:

a. líon na n-uaireanta inar ghlac an duine atá faoi réir na hoibleagáide lánpháirtíochta sibhialta páirt i gcúrsa lánpháirtíochta sibhialta nó i gcúrsa Ollainnise mar dhara teanga le hinstitiúid darb ainm *Blik op Werk*;

b. an líon uaireanta a d’éirigh leis an duine atá faoi réir na hoibleagáide lánpháirtíochta sibhialta pas a fháil sna codanna den scrúdú lánpháirtíochta sibhialta nó sa scrúdú Stáit in Ollainnis mar dhara teanga;

c. líon na gcodanna den scrúdú lánpháirtíochta sibhialta nó den scrúdú Stáit ar an Ollainnis mar dhara teanga ar éirigh leis an duine atá faoi réir na hoibleagáide lánpháirtíochta sibhialta pas a fháil iontu.

2. Socraítear méid na fíneála ar bhonn an tábla fíneálacha, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis na Treoirlínte sin.

30 Is é is aidhm don tábla dá bhforáiltear in Airteagal 1(2) den Iarscríbhinn a ghabhann leis na treoirlínte sin méid na fíneála a shocrú ar bhonn an líon uaireanta inar fhreastal an duine lena mbaineann ar chúrsa lánpháirtíochta sibhialta ná ar chúrsa in Ollainnise mar dhara teanga agus an líon uaireanta a rinne an duine lena mbaineann codanna den scrúdú lánpháirtíochta sibhialta nó den scrúdú Stáit in Ollainnis mar dhara teanga. Foráiltear an méid seo a leanas leis an bhforáil sin chomh maith:

‘Maidir le duine a ghlac páirt ar feadh 300 uair an chloig ar a laghad i gcúrsa lánpháirtíochta sibhialta nó i gcúrsa Ollainnise mar dhara teanga agus a chuir isteach dhá oiread ar a laghad de na codanna den scrúdú lánpháirtíochta sibhialta nó i scrúdú Stáit na hÍsiltíre mar dhara teanga nár éirigh leo iontu, féadfaidh sé tairbhe a bhaint as síneadh ar an tréimhse lánpháirtíochta sibhialta ar bhonn Airteagal 2.4c(1) de na Rialacha maidir le lánpháirtíocht shibhialta toisc nach féidir an locht a chur air as dul thar an tréimhse lánpháirtíochta sibhialta. Sa chás sin, ní chuirfear aon fhíneáil i bhfeidhm.

31 De bhun Airteagal 1(2), déantar méid na fíneála arna bunú ar bhonn an tábla fíneálacha a laghdú ar an mbonn gur éirigh leis pas a fháil i gcodanna den scrúdú lánpháirtíochta sibhialta nó sa scrúdú Stáit in Ollainnis mar dhara teanga mar seo a leanas:

‘1.cuid den scrúdú ar éirigh leis an duine atá i gceist pas a fháil ann: laghdú 20 % ar mhéid na fíneála;

2.codanna den scrúdú ar éirigh leis an duine atá i gceist pas a fháil ann: laghdú 40 % ar mhéid na fíneála;

3.codanna den scrúdú ar éirigh leis an duine atá i gceist pas a fháil ann: laghdú 60 % ar mhéid na fíneála;

4.codanna ná níos mó ná sin den scrúdú ar éirigh leis an duine atá i gceist pas a fháil ann: laghdú 80 % ar mhéid na fíneála.

An díospóid sna príomhimeachtaí agus na ceisteanna a tarchuireadh le haghaidh réamhrialú

32 Shroich an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí, atá ina hEiritréach, ar an Ísiltír nuair a bhí sé 7 mbliana d'aois agus, ina dhiaidh sin, aithníodh é mar thairbhí de chosaint idirnáisiúnta. An 8 Eanáir 2016, nuair a bhí an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí 18 mbliana d'd'aois, chuir an tAire in iúl dó go raibh sé faoi réir na hoibleagáide lánpháirtíochta sibhialta, faoin Dlí maidir le lánpháirtíocht shibhialta ón 1 Feabhra, rud a chiallaigh go raibh air pas a fháil, i bprionsabal laistigh de 3 bliana, i ngach cuid den scrúdú lánpháirtíochta sibhialta. Chuir an tAire síneadh ama leis an tréimhse sin arís agus arís eile, agus go dtí an 1 Feabhra 2020 an uair dheireanach, ar an bhforas gur fhan an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí in ionad glactha d'iarratasóirí ar thearmann san fhadtéarma agus gur thug sé faoi thraenáil. Ina dhiaidh sin, chláraigh an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí ar roinnt cúrsaí agus scrúduithe lánpháirtíochta sibhialta. Mar sin féin, níor láithrigh sé é féin i ranganna agus scrúduithe áirithe agus níor éirigh leis pas a fháil sna cinn a raibh sé i láthair dóibh.

33 Le cinneadh an 31 Márta 2020, ghearr an tAire fíneáil EUR 500 ar an iarratasóir sna príomhimeachtaí agus chinn sé go raibh air an iasacht iomlán de EUR 10 000 a fuair sé ón Dienst Uitvoering Onderwijs (an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Oideachais, an Ísiltír) a aisíoc ar an bhforas nach ndearna sé an clár lánpháirtíochta sibhialta a chur i gcrích laistigh den teorainn ama a leagtar síos.

34 Le cinneadh an 25 Feabhra 2021, dhearbhaigh an tAire go raibh an agóid arna tabhairt isteach ag an iarratasóir sna príomhimeachtaí i gcoinne chinneadh an 31 Márta 2020 gan bhunús.

35 Le breithiúnas an 4 Samhain 2021, dhiúltaigh an rechtbank (an Chúirt Chéadchéime, an Ísiltír) don chaingean a chur an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí isteach i gcoinne chinneadh an 25 Feabhra 2021. Chinn an chúirt sin, go bunúsach, nach dtagann an reachtaíocht náisiúnta atá i gceist sna príomhimeachtaí salach ar Airteagal 34 de Threoir 2011/95, ós rud é go gcuirtear scéim ar bun léi lena gcuirtear féidearthachtaí le haghaidh síntí ama, díolúintí agus díolmhaithe ar fáil lena gceadófaí cur chuige saincheaptha, más gá sin. D'fhéadfaí an iasacht a deonaíodh a aisíoc freisin mar sin, ar bhonn chumas airgeadais an duine lena mbaineann. Níor sáraíodh prionsabal na comhréireachta, ós rud é gur chuir an tAire na cúinsí ar fad arna n-agairt san áireamh agus go ndearna sé machnamh orthu. Dar leis an gcúirt sin, chuir an tAire staid phearsanta an iarratasóra sna príomhimeachtaí san áireamh go leordhóthanach agus síneadh ama á chur leis an tréimhse lánpháirtíochta sibhialta ó 3 bliana go 4 bliana agus méid na fíneála a gearradh á laghdú. Ar deireadh, chinn an chúirt a rinne an tarchur, trí tagairt a dhéanamh do bhreithiúnas an 4 Meitheamh 2015, *P agus S* (C-579/13, EU:C:2015:369) nach raibh méid na fíneála sin ró-ard agus nach raibh ar an Aire an fhíneáil nó an oibleagáid an iasacht a aisíoc a tharscaoileadh.

36 An 2 Nollaig 2021, is é sin le rá, 1 bhliain agus 10 mí i ndiaidh dhul in éag na tréimhse lánpháirtíochta sibhialta, díolmhaíodh an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí ón oibleagáid lánpháirtíochta sibhialta toisc go ndearna sé ag an tráth sin, dar leis an Aire, iarrachtaí leordhóthanacha chun an clár lánpháirtíochta sibhialta a chur i gcrích. Bhí an díolmhú sin gan dochar, áfach, dá oibleagáid chun an fhíneáil a íoc agus an iasacht a aisíoc.

37 Thug an t-iarratasóir achomharc os comhair an Raad van State (an Chomhairle Stáit, an Ísiltír), arb í an chúirt a rinne an tarchur, i gcoinne bhreithiúnas an 4 Samhain 2021.

38 Mar chuid dá achomharc, maíonn an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí gur trasuíodh Airteagal 34 de Threoir 2011/95 go mícheart i ndlí na hÍsiltíre. Mar sin, leanfadh sé as an Airteagal sin go bhfuil ceart dearfach chun lánpháirtíochta ann, cé go gcuirtear bac ar an lánpháirtiú sin le méid ard na fíneála agus an oibleagáid an iasacht dá bhforáiltear i ndlí na hÍsiltíre a aisíoc. Tá na táillí arda dá bhforáiltear sa dlí sin ina mbaic freisin ar rochtain ar chláir lánpháirtíochta. Ina theannta sin, maidir leis an gceart sin, ní chuirtear san áireamh go leordhóthanach na riachtanais shonracha agus na dúshláin lánpháirtíochta ar leith atá ag tairbhithe de chosaint idirnáisiúnta. Ar na cúiseanna sin, go háirithe, ba cheart don Aire a cheart chun fíneáil a ghearradh agus aisíocaíocht na hiasachta arna iarraidh sa chás seo a tharscaoileadh.

39 Dar leis an Aire, ní chuirtear bac le Treoir 2011/95 ar an scéim lánpháirtíochta sibhialta a leagtar síos i ndlí na hÍsiltíre, ós rud é go mbeadh an deis ag an iarratasóir sna príomhimeachtaí páirt a ghlacadh i gcláir lánpháirtíochta, mar a cheanglófaí le hAirteagal 34 den Treoir sin. Thairis sin, leanann sé ó bhreithiúnas an 4 Meitheamh 2015, *P* agus *S* (C-579/13, EU:C:2015:369), go bhfuil fíneáil, mar spreagadh chun an clár lánpháirtíochta sibhialta a chur i gcrích, inghlactha agus gur iomchuí agus riachtanach í an fhíneáil a fhorchuirtear ar an iarratasóir sna príomhimeachtaí. Níl sé míréasúnta nach mór don iarratasóir sna príomhimeachtaí an iasacht iomlán a aisíoc. De réir a chineáil, ba cheart iasacht a aisíoc ina hiomláine agus ní raibh an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí díolmhaithe ón oibleagáid lánpháirtíochta sibhialta ach i bhfad tar éis don sprioc-am dul in éag.

40 Ag féachaint do na forais a ardaítear os a comhair, iarrann an chúirt a rinne an tarchur cibé an gcuirtear bac le hAirteagal 34 de Threoir 2011/95 ar oibleagáid lánpháirtíochta sibhialta a fhorchur ar thairbhithe de chosaint idirnáisiúnta, lena n-áirítear an oibleagáid pas a fháil sna scrúduithe lena mbaineann, ar phian fíneála, i bprionsabal, laistigh de 3 bliana, agus ar an bhfíric go n-íocann na daoine atá faoi cheangal ag an oibleagáid sin costais clár lánpháirtíochta.

41 Ar an gcéad dul síos, maidir leis an oibleagáid lánpháirtíochta sibhialta, tugann an chúirt a rinne an tarchur dá haire gur mheas an Chúirt Bhreithiúnais, i mír 48 de bhreithiúnas an 4 Meitheamh 2015, *P* agus *S* (C-579/13, EU:C:2015:369), go bhféadfar a áirithiú go bhfaigheann náisiúnaigh tríú tír eolas atá úsáideach gan dabht chun naisc a chruthú leis an mBallstát óstach de bharr oibleagáid chun pas a fháil i scrúdú lánpháirtíochta sibhialta agus go bhféadfadh oibleagáid amhail sin, in éineacht le fíneáil, cur le baint amach na gcuspóirí a shaothraítear le Treoir 2003/109. Mar sin féin, tá drogall ar an gcúirt a rinne an tarchur an teagaisc sin a thrasuí sna príomhimeachtaí, ós rud é go dtugtar an rogha do na Ballstáit, le hAirteagal 5(2) de, oibleagáid lánpháirtíochta a fhorchur, cé nach bhforáiltear do rogha den chineál sin le Treoir 2011/95. Difríocht eile idir an dá théacs sin is ea go mbaineann an Treoir dheireanach sin le daoine a bhfuil cosaint de dhíth orthu ach nach gá gur mian leo socrú ar bhonn fadtéarmach sa Bhallstát óstach.

42 Ag an am céanna, tugann an chúirt a rinne an tarchur dá haire, ar an gcéad dul síos, gur cosúil go leanann sé ó mhír 95 de bhreithiúnas an 24 Meitheamh 2015, *T.* (C-373/13, EU:C:2015:413), nach bhfuil aon lánrogha ag na Ballstáit chun na leasanna substainteacha a ráthaítear le Treoir 2011/95 a dheonú nó a dhiúltú, agus an ceart chun rochtain a fháil ar na cláir lánpháirtíochta san áireamh. Mar sin féin, tagann an cheist chun cinn cibé an ionann oibleagáid lánpháirtíochta agus srianú ar an gceart sin nó nach ndéantar leis ach amháin lánpháirtiú éifeachtach na ndaoine lena mbaineann a ráthú.

43 Ar an taobh eile, tugann an chúirt sin dá haire gur thug an Coimisiún foráil isteach, ina thogra le haghaidh Rialacháin arb é is aidhm leis Treoir 2011/95 a ionadú (Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2016 maidir le caighdeáin i dtaca le cáilitheacht náisiúnach tríú tír nó daoine gan stát mar thairbhithe de chosaint idirnáisiúnta, ar mhaithe le stádas aonfhoirmeach do dhídeanaithe nó do dhaoine atá incháilithe le haghaidh cosaint choimhdeach agus i dtaca lena bhfuil sa chosaint a thugtar agus lena leasaítear Treoir 2003/109/CE ón gComhairle an 25 Samhain 2003 maidir le stádas náisiúnach tríú tír ar cónaitheoirí fadtéarmacha iad [COM(2016) 466 final)), lena bhforáiltear go sainráite go '[bh]féadfaidh na Ballstáit rannpháirtíocht i mbearta lánpháirtíochta a dhéanamh éigeantach.' [Aistriúchán neamhoifigiúil.] Tagann an cheist chun cinn chomh maith ar cheart a thuiscint as sin nach bhforáiltear d'oibleagáid den chineál sin go fóill le Treoir 2011/95 nó nach gcumhdaítear leis ach an togra sin amháin rogha a bhí ann cheana féin.

44 I gcás ina bhféadfaí oibleagáid lánpháirtíochta sóisialta a fhorchur, measann an chúirt a rinne an tarchur go bhfuil an tAire i dteideal, i bprionsabal, fíneáil a chur leis an oibleagáid sin, ar choinníoll go bhfuil an fhíneáil comhréireach.

45 Ar an dara dul síos, maidir le costais na gclár lánpháirtíochta, tá an chúirt a rinne an tarchur den tuairim go bhfuil sé contrártha le hAirteagal 34 de Threoir 2011/95 a cheangal ar thairbhithe de chosaint idirnáisiúnta na costais sin a íoc ina n-iomláine, i bhfianaise mhéid ard na gcostas sin agus cumas airgeadais na dtairbhithe sin, rud atá teoranta go ginearálta. Ní athrófaí é sin leis an bhféidearthacht iasacht a iarraidh chun na costais chéanna a mhaoiniú. Cé go bhféadfaí a mhaíomh go bhfuil smacht ag tairbhithe de chosaint idirnáisiúnta iad féin ar chur i gcrích tráthúil na gclár lena mbaineann agus, dá bhrí sin, ar an oibleagáid an iasacht a aisíoc, is amhlaidh fós go gceanglaítear le hAirteagal 34 ar na Ballstáit rochtain ar chláir lánpháirtíochta a áirithiú do gach tairbhí de chosaint idirnáisiúnta. Cuireann an chúirt a rinne an tarchur leis sin nach cosúil go bhfuil tábhacht ar bith leis an gcaoi gur féidir leis na daoine lena mbaineann socrú íocaíochta a dhéanamh, ós rud é go maireann an oibleagáid chun fiachas suntasach a aisíoc ar feadh tréimhse suas go dtí 10 mbliana, lena bhféadfar cosc a chur ar lánpháirtiú éifeachtach sa Bhallstát óstach.

46 Ar an tríú dul síos, thiocfadh an cheist chun cinn cé acu an mbaineann leibhéal mhéideanna na bhfíneálacha agus na hiasachta an bonn de chur i gcrích chuspóir agus éifeachtacht Airteagal 34 de Threoir 2011/95. Maidir leis sin, cuireann an chúirt a rinne an tarchur i dtreis go gcaithfidh an comhlacht riaracháin, agus, i gcás inarb infheidhme, an chúirt náisiúnta, an fhíneáil a laghdú más gá chun é a dhéanamh comhréireach. Mar sin féin, d'fhéadfaí a mheas go dtéann an iasacht, a d'fhéadfaí a dheonú suas le EUR 10 000, agus an fhíneáil, thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir a shaothraítear le hAirteagal 34 a bhaint amach, is é sin, lánpháirtiú a éascú. Cé go bhféadfadh sin a mhaolú le coigeartú na socruithe aisíocaíochta faoina gcuirtear cumas airgeadais an duine lena mbaineann san áireamh é, d'fhéadfadh an cumas airgeadais sin a bheith ina dhíspreagadh dó chun oibre, rud a chuireann bac ar lánpháirtiú an duine sin.

47 Sna cúinsí sin chinn an Raad van State (an Chomhairle Stáit) na himeachtaí a chur ar fionraí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú:

'1) An bhfuil Airteagal 34 de [Threoir 2011/95] le léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc ar riail náisiúnta amhail an riail a leagtar síos in Airteagal 7b de [an Dlí maidir le lánpháirtíocht shibhialta], lena gcuirtear [dídeanaithe] faoin oibleagáid, faoi phian fíneála, chun pas a fháil i scrúdú lánpháirtíochta sibhialta?

2) An bhfuil Airteagal 34 de [Threoir 2011/95] le léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc ar riail náisiúnta lena bhforáiltear, i bprionsabal, go n-íocfaidh [dídeanaithe] iad féin costais iomlána na gclár lánpháirtíochta?

3) Agus an dara ceist á freagairt, an bhfuil sé tábhachtach gur féidir le [dídeanaithe] iasacht rialtais a fháil chun costais na gclár lánpháirtíochta a íoc agus go dtarscaoilfear an iasacht sin má éiríonn leo sa scrúdú lánpháirtíochta sibhialta in am trátha nó má tá siad díolmhaithe ón oibleagáid lánpháirtíochta nó má scaoiltear uaithi iad in am trátha?

4) Má cheadaítear, faoi Airteagal 34 de [Threoir 2011/95], go mbeidh sé d'oibleagáid ar [dhídeanaithe], faoi phian fíneála, pas a fháil i scrúdú lánpháirtíochta sibhialta agus go n-íocfaidh siad costais iomlána na gclár lánpháirtíochta, an mbaineann méid na hiasachta a bheidh le haisíoc, mar aon leis an bhfíneáil, más iomchuí, an bonn ansin de chur i gcrích chuspóir agus éifeacht úsáideach Airteagal 34 den [Treoir sin]?'

Na ceisteanna le haghaidh réamhrialú

An chéad cheist

48 Lena céad cheist iarrann an chúirt a rinne an tarchur ar an gCúirt Bhreithiúnais, go bunúsach, cé acu an gcaithfear Airteagal 34 de Threoir 2011/95 a léiriú sa chaoi is go gcuirtear cosc ar reachtaíocht Bhallstáit lena gcuirtear tairbhithe de chosaint idirnáisiúnta faoin oibleagáid, faoi phian fíneála, pas a fháil i scrúdú lánpháirtíochta sibhialta.

49 Mar a chinn an Chúirt Bhreithiúnais, ní mór do thairbhithe de chosaint idirnáisiúnta, go dtí go mbeidh an stádas sin acu, tairbhe a bhaint as na cearta dá ráthaítear dóibh le Treoir 2011/95, lena n-áirítear an ceart chun rochtain a fháil ar na cláir lánpháirtíochta dá bhforáiltear le hAirteagal 34 den Treoir sin (féach, de réir análaí, breithiúnas an 24 Meitheamh 2015, *T.* (C-373/13, EU:C:2015:413, míreanna 95 agus 98).

50 Chun a chinneadh cibé an gcuirtear bac le hAirteagal 34 de Threoir 2011/95 ar reachtaíocht náisiúnta, amhail an reachtaíocht atá i gceist sna príomhimeachtaí, ní mór focail na reachtaíochta sin, an comhthéacs inar scríobhadh é agus na cuspóirí a shaothraítear leis an reachtaíocht a bhfuil sé mar chuid de a chur san áireamh (féach, de réir analaí, breithiúnas an 12 Meán Fómhair 2024, *Sagrario*, C-63/23, EU:C:2024:739, mír 37 agus an cásdlí dá dtagraítear).

51 Ar an gcéad dul síos, leanann sé ó na téarmaí a úsáidtear in Airteagal 34 de Threoir 2011/95, chun lánpháirtiú na dtairbhithe de chosaint idirnáisiúnta sa tsochaí a éascú, áiritheoidh na Ballstáit rochtain ar chláir lánpháirtíochta a mheasann siad a bheith iomchuí chun sainriachtanais na dtairbhithe de stádas dídeanaithe nó de stádas cosanta coimhdí a chur san áireamh, nó réamhchoinníollacha a chruthú a ráthóidh rochtain ar na cláir sin.

52 Dá thoradh sin, má cheanglaítear leis an Airteagal sin ar na Ballstáit rochtain ar chláir lánpháirtíochta a ráthú do thairbhithe de chosaint idirnáisiúnta a mheasann siad a bheith iomchuí d'fhonn a shainriachtanais a chur san áireamh, ní fhágann foclaíocht an Airteagail sin, ar an taobh eile, gur féidir a chinneadh an féidir le Ballstát rannpháirtíocht i gclár lánpháirtíochta, nó fiú rath an scrúdaithe a bhaineann leis sin, a dhéanamh éigeantach, faoi phian fíneála.

53 Ina dhiaidh sin, maidir le comhthéacs Airteagal 34 de Threoir 2011/95, ní mór a mheabhrú, de réir Airteagal 1 den Treoir sin, go bhfuil sé de chuspóir ag an Treoir sin caighdeáin a leagan síos i dtaca le cáiliú náisiúnach tríú tír nó daoine gan stát mar thairbhithe de chosaint idirnáisiúnta, ar mhaithe le stádas aonfhoirmeach do dhídeanaithe nó do dhaoine atá incháilithe le haghaidh cosaint choimhdeach, agus inneachar na cosanta a thugtar.

54 Is é inneachar na cosanta idirnáisiúnta is ábhar do Chaibidil VII de Threoir 2011/95, lena n-áirítear líon áirithe de chearta agus buntáistí, ar ina measc atá – seachas rochtain ar chláir lánpháirtíochta dá dtagraítear le hAirteagal 34 – go háirithe rochtain ar eolas (Airteagal 22 de Threoir 2011/95), rochtain ar fhostaíocht (Airteagal 26 den Treoir sin), rochtain ar oideachas (Airteagal 27 den Treoir sin), rochtain ar nósanna imeachta chun aitheantas a thabhairt do cháilíochtaí (Airteagal 28 den Treoir chéanna), cosaint shóisialta (Airteagal 29 de Threoir 2011/95), cúram sláinte (Airteagal 30 den Treoir sin), rochtain ar thithíocht (Airteagal 32 den Treoir sin) agus saoirse gluaiseachta laistigh den Bhallstát (Airteagal 33 den Treoir chéanna).

55 Cé go rannchuidíonn na cearta agus na sochair eile sin freisin le lánpháirtiú éifeachtach thairbhí de chosaint idirnáisiúnta i sochaí an Bhallstáit a áirithiú, tá comhthuiscint ann go ndéantar feidhmiú na gcearta agus na sochar sin a éascú nó fiú, go bunúsach, a choinníollú leis an gcaoi gurbh fhéidir leis an duine lena mbaineann eolas a fháil, go háirithe eolas ar theangacha, mar gheall ar na cláir lánpháirtíochta dá dtagraítear in Airteagal 34.

56 Dá bhrí sin, is bealach tábhachtach é fáil an eolais sin agus, dá bhrí sin, rannpháirtíocht tairbhithe de chosaint idirnáisiúnta sna cláir sin nach bhfuil an t-eolas sin acu go fóill chun lánpháirtiú na ndaoine sin i sochaí an Bhallstáit óstaigh a áirithiú agus chun a chur ar a gcumas na cearta agus na buntáistí dá bhforáiltear le Treoir 2011/95 a fheidhmiú go héifeachtach.

57 Mar sin féin, ní mór a mheabhrú gur léir, go háirithe, ó aithrisí 41 agus 47 de Threoir 2011/95, nach mór Airteagal 34 den Treoir sin a léamh ina bhfianaise, gur gá riachtanais shonracha thairbhithe de chosaint idirnáisiúnta agus na dúshláin lánpháirtíochta ar leith a bhíonn acu a chur san áireamh agus nach mór, i gcás inar féidir, go gcuirfí riachtanais agus gnéithe sonracha dá suíomh san áireamh sna cláir lánpháirtíochta a sholáthraítear dóibh, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, traenáil teanga.

58 Ina theannta sin, mar is léir ón Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, an Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta agus Coiste na Réigiún – Plean Gníomhaíochta um lánpháirtiú náisiúnach tríú tíortha (COM(2016) 377 final, lch. 4), féadfaidh na riachtanais lánpháirtíochta aonair a bheith éagsúil ag brath, *inter alia*, ar fhad ionchasach thréimhse chónaithe an duine lena mbaineann.

59 I ndáil leis sin, is léir ó Airteagal 24 de Threoir 2011/95, i bprionsabal, go bhféadfar fad an cheada cónaithe a cheanglaítear ar an mBallstát óstach a eisiúint do thairbhithe de stádas dídeanaí, ar thaobh amháin, agus do thairbhithe de stádas cosanta coimhdí, ar an taobh eile, a athnuachan ar feadh 3 bliana ar a laghad, agus ar feadh bliain amháin ar a laghad, faoi seach. Dá bhrí sin, is dócha go bhfanfaidh daoine a thairbhíonn de cheachtar de na staideanna sin ar chríoch an Bhallstáit óstaigh ar feadh tréimhse sách fada chun go bhféachfaidh reachtas an Aontais lena lánpháirtiú éifeachtach i sochaí an Bhallstáit óstaigh a áirithiú. Is amhlaidh atá, go háirithe, i gcás ina bhfuil na tairbhithe sin bunaithe nó beartaithe socrú go buan laistigh den Aontas Eorpach.

60 Sa chomhthéacs sin, ní mór a mheabhrú chomh maith go bhforáiltear le hAirteagal 34 de Choinbhinsiún na Ginéive, ar dá réir nach mór léiriú a dhéanamh ar Airteagal 34 de Threoir 2011/95 sa chaoi (féach, i ndáil leis sin, breithiúnas an 14 Bealtaine 2019, *M agus páirtithe eile (Stádas dídeanaí a chúlghairm)*, C-391/16, C-77/17 agus C-78/17, EU:C:2019:403, mír 74), go n-éascóidh na Stáit Chonarthacha comhshamhlú agus eadóirseacht dídeanaithe a mhéid agus is féidir, agus go bhféachfar, dá bhrí sin, ar lánpháirtiú dídeanaithe, sa chomhthéacs sin, mar bheith ina chéim loighciúil i dtreo eadóirseacht fhéideartha an Bhallstáit óstaigh.

61 Ar deireadh, maidir leis an gcuspóir a shaothraítear le hAirteagal 34 de Threoir 2011/95 agus, ar bhonn níos ginearálta, leis an Treoir sin, is léir ó fhoclaíocht an Airteagail sin go bhfuil sé de chuspóir aige lánpháirtiú na dtairbhithe de chosaint idirnáisiúnta sa tsochaí a éascú, agus ag an am céanna, go bhfuil sé de chuspóir ag an Treoir sin, mar is léir ó aithris 12 de, critéir choiteanna le haghaidh aithint daoine a bhfuil cosaint idirnáisiúnta de dhíth acu a áirithiú agus íosleibhéal sochar do na daoine sin sna Ballstáit go léir. Ní fhéadfaidh na Ballstáit mar sin, Airteagal 34 a thrasuí ar bhealach a bhainfí an bonn de na cuspóirí sin.

62 Is léir ón léiriú comhthéacsúil agus teileolaíoch ar Airteagal 34 de Threoir 2011/95, arna ghlacadh i míreanna 53 go 61 den bhreithiúnas seo, cé go bhfuil lánrogha ag na Ballstáit inneachar na gclár lánpháirtíochta a chinneadh, dá dtagraítear san Airteagal sin, chomh maith leis na socruithe praiticiúla maidir le heagrú na gclár sin agus na hoibleagáidí a d'fhéadfaí a fhorchur ar na rannpháirtithe sa chomhthéacs sin, ní féidir an lánrogha sin a úsáid ar bhealach lena mbainfí an bonn de na cuspóirí a luaitear i mír 61 den bhreithiúnas seo ná d'éifeachtacht na Treorach sin nó lena sárófaí prionsabal na comhréireachta. I gcomhréir leis an bprionsabal sin, atá ar cheann de phrionsabail ghinearálta dhlí an Aontais, ní mór na modhanna arna gcur chun feidhme leis an reachtaíocht náisiúnta lena dtrasuítear Airteagal 34 a bheith iomchuí chun na cuspóirí a shaothraítear leis an bhforáil sin a bhaint amach agus níor cheart dóibh dul thar a bhfuil riachtanach chun iad a bhaint amach (féach, de réir analaí, breithiúnas an 9 Iúil 2015, *K* agus *A*, C-153/14, EU:C:2015:453, míreanna 50 agus 51).

63 Dá réir sin, ceanglaítear ar na Ballstáit a áirithiú nach gcuirfear bac le hinneachar na gclár lánpháirtíochta, dá dtagraítear in Airteagal 34 de Threoir 2011/95, chomh maith leis na socruithe praiticiúla maidir le heagrú na gclár sin agus na hoibleagáidí a d'fhéadfaí a fhorchur ar na rannpháirtithe sa chomhthéacs sin ar rochtain éifeachtach do thairbhithe de chosaint idirnáisiúnta ar na cláir sin nó ar fheidhmiú éifeachtach na gceart agus na sochar eile a eascraíonn as an Treoir sin ag na daoine sin, agus sa chás sin, go mbainfí an bonn de chuspóirí na Treorach sin agus Airteagal 34 di.

64 Is i bhfianaise na mbreithnithe sin nach mór scrúdú a dhéanamh ar an gcéad cheist arna tarchur.

65 Maidir leis an oibleagáid atá i gceist sna príomhimeachtaí, ní féidir a chur i gcoinne, mar a chuirtear in iúl i míreanna 55 agus 56 den bhreithiúnas seo, go ndéantar lánpháirtiú na dtairbhithe de chosaint idirnáisiúnta i sochaí an Bhallstáit óstaigh a chur chun cinn le heolas, amhail de theanga agus de shochaí an Bhallstáit óstaigh sin, a fháil, trí cumarsáid idir na tairbhithe agus na náisiúnaigh a áirithiú agus trí idirghníomhaíocht agus forbairt caidrimh sóisialta eatarthu a chur chun cinn. Ní féidir ach oiread a dhíospóid go ndéantar an deacracht do na daoine sin na cearta agus na sochair a eascraíonn as Treoir 2011/95, go háirithe rochtain ar mhargadh an tsaothair agus ar ghairmoiliúint a fheidhmiú a laghdú, trí eolas a fháil ar theanga an Bhallstáit óstaigh (féach, de réir analaí, breithiúnas an 4 Meitheamh 2015, *P* agus *S*, C-579/13, EU:C:2015:369, mír 47, agus an 9 Iúil 2015, *K agus A*, C-153/14, EU:C:2015:453, mír 53).

66 Ón taobh sin de, a mhéid a thugtar le tuiscint rannpháirtíocht tairbhithe de chosaint idirnáisiúnta, nach bhfuil an t-eolas sin acu go fóill, i gcláir lánpháirtíochta agus i scrúdú lánpháirtíochta sibhialta a rith, gur féidir a áirithiú go bhfaighidh na tairbhithe sin eolas atá úsáideach gan amhras chun a lánpháirtiú i sochaí an Bhallstáit óstaigh agus feidhmiú na gceart agus na mbuntáistí a thugtar le Treoir 2011/95 a chur chun cinn, ní mór a mheas go bhfuil riail náisiúnta lena leagtar síos an oibleagáid cláir den sórt sin a leanúint agus pas a fháil sa scrúdú a bhaineann leis sin i gcomhréir le hAirteagal 34 den Treoir sin, ar choinníoll go gcomhlíonann sí na coinníollacha a leagtar amach i míreanna 62 agus 63 den bhreithiúnas seo.

67 Mar sin féin, le riail den sórt sin, bhainfí an bonn den cheart a thugtar do thairbhithe de chosaint idirnáisiúnta le hAirteagal 34 de Threoir 2011/95 agus ní bheadh sí amhlaidh chun go gceadófaí an cuspóir a shaothraítear leis an Airteagal sin a bhaint amach mura gcuirfí san áireamh, maidir le hábhar na gclár lánpháirtíochta agus na socruithe praiticiúla chun na cláir sin a eagrú agus na hoibleagáidí a d'fhéadfaí a fhorchur ar rannpháirtithe sa chomhthéacs sin, na cúinsí sonracha a bhaineann lena gcás, go háirithe maidir leis an leibhéal eolais is gá chun pas a fháil sa scrúdú lánpháirtíochta sibhialta agus inrochtaineacht na gcúrsaí agus an ábhair is gá chun ullmhú don scrúdú sin.

68 Maidir lena thábhachtaí atá sé go gcuirfeadh na Ballstáit san áireamh sainriachtanais agus cúinsí pearsanta tairbhithe de chosaint idirnáisiúnta, chomh maith leis na dúshláin lánpháirtíochta ar leith a bhíonn acu, eascraíonn sé sin as foclaíocht Airteagal 34 de Threoir 2011/95 agus aithrisí 41 agus 47 den Treoir sin, ina gcuirtear i dtreis go bhfuil gá le measúnú aonair den sórt sin chun feabhas a chur ar fheidhmiú éifeachtach chearta agus shochair na ndaoine lena mbaineann a eascraíonn as an Treoir sin agus, dá réir sin, chun lánpháirtiú tapa agus rathúil na ndaoine sin a éascú.

69 Tá gá níos mó le cúinsí pearsanta agus athraitheacha thairbhithe de chosaint idirnáisiúnta a chur san áireamh, sa chomhthéacs sin, i bhfianaise a leochaileachta faoi leith, rud a thugann údar sonrach le deonú na cosanta sin. Ina theannta sin, foráiltear le hAirteagal 20(3) de Threoir 2011/95, agus iad ag cur Chaibidil VII den Treoir seo i bhfeidhm, cuirfidh na Ballstáit cúinse sonrach atá ann do dhaoine leochaileacha san áireamh, lena n-áirítear mionaoisigh, mionaoisigh neamhthionlactha, daoine faoi mhíchumas, daoine scothaosta, mná torracha, tuismitheoirí aonair ag a bhfuil leanaí mionaoiseacha, íospartaigh na gáinneála ar dhaoine, daoine a bhfuil fadhb mheabhairshláinte acu agus daoine a ndearnadh céasadh, éigniú nó cineálacha tromchúiseacha eile foréigin shíceolaíoch, fhisiciúil nó ghnéasaigh orthu.

70 Mar sin, ní mór nach mbeidh sé mar aidhm ag na bearta lánpháirtíochta dá dtagraítear in Airteagal 34 de Threoir 2011/95 pionós a fhorchur ar na tairbhithe de chosaint idirnáisiúnta a bhfuil deacrachtaí acu eolas a fháil, a bhfuil sé beartaithe é a chur ar aghaidh trí chláir lánpháirtíochta, ach amháin lánpháirtíocht idir na tairbhithe a éascú i sochaí na mBallstáit, de réir a gcumais aonair.

71 Go háirithe, ní mór go gcuirfí cúinsí sonracha aonair san áireamh, amhail aois, leibhéal oideachais nó sláine an duine lena mbaineann, d'fhonn an duine sin a scaoileadh den oibleagáid pas a fháil i scrúdú amhail an ceann atá i gceist sna príomhimeachtaí chomh maith, i gcás nach bhfuil an duine sin in ann bheith i láthair ag an scrúdú sin nó pas a fháil sa scrúdú. Dá bhrí sin, i gcás nach n-éiríonn leis an tairbhí de chosaint idirnáisiúnta sa scrúdú sin mar gheall ar chúinsí den sórt sin, ní mór dó a bheith in ann a iarrachtaí réasúnacha a chruthú chun pas a fháil sa scrúdú céanna.

72 Thairis sin, ní mór go ndéanfaí gach tairbhí de chosaint idirnáisiúnta a scaoileadh ón oibleagáid pas a fháil sa scrúdú sin i gcás ina bhfuil sé in ann a thaispeáint, i bhfianaise na ndálaí maireachtála agus na gcúinsí atá ina sainghné dá fhanacht sa Bhallstát óstach, go bhfuil sé lánpháirtithe, i ndáiríre, i sochaí na mBallstát sin cheana féin.

73 Mar a tharlaíonn, ba cheart go mbeadh an t-eolas is gá chun pas a fháil i scrúdú den chineál sin socraithe ar bhunleibhéal, gan dul thar a bhfuil riachtanach d'fhonn lánpháirtiú tairbhithe de chosaint idirnáisiúnta a chur chun cinn i sochaí an Bhallstáit óstaigh. Dá bhrí sin, ní mór cás ar leith na ndaoine sin a chur san áireamh, go háirithe i gcás nach bhfuil cónaí ar na daoine sin go fadtéarmach sa Bhallstát sin go fóill.

74 In aon chás, ní féidir teip i scrúdú den sórt sin a phionósú go córasach trí fíneáil a ghearradh. Ní fhéadfaí pionós den chineál sin a fhorchur ach amháin i gcásanna eisceachtúla, amhail i gcás ina léirítear, ar bhun tosca oibiachtúla, go bhfuil easpa toilteanas cruthaithe agus leanúnach ar thaobh an duine lena mbaineann ó thaobh lánpháirtíochta de. Thairis sin, ní fhéadfadh fíneáil den sórt sin, in aon chás, a bheith chomh mór sin go gcuirfeadh sí ualach airgeadais míréasúnta ar an tairbhí lena mbaineann, ag féachaint dá chúinsí pearsanta agus teaghlaigh.

75 Sa chás seo, tá feidhm chórasach ag an bhfíneáil dá bhforáiltear le reachtaíocht na hÍsiltíre atá i gceist sna príomhimeachtaí agus d'fhéadfadh sé gurb ionann í agus EUR 1 250. Mar sin féin, is cosúil go mbeadh bearta den chineál sin díréireach go follasach i gcomparáid leis an gcuspóir a shaothraítear leis an riail sin.

76 Ag féachaint do na breithnithe uile roimhe seo, is é an freagra ar an gcéad cheist nach mór Airteagal 34 de Threoir 2011/95 a léiriú sa chaoi nach gcuirtear bac leis ar riail náisiúnta lena gcuirfí oibleagáid ar thairbhithe de chosaint idirnáisiúnta pas a fháil i scrúdú lánpháirtíochta sibhialta, ar na coinníollacha seo a leanas:

– go gceadófaí le cur chun feidhme na hoibleagáide sin gur féidir riachtanais agus gnéithe sonracha chás na dtairbhithe agus na dúshláin lánpháirtíochta ar leith atá rompu a chur san áireamh;

– go ndéanfaí an t-eolas is gá chun pas a fháil a shocrú ar leibhéal iomchuí, gan dul thar a bhfuil riachtanach chun lánpháirtiú na dtairbhithe sin i sochaí an Bhallstáit óstaigh a chur chun cinn;

– go ndéanfaí gach tairbhí de chosaint idirnáisiúnta a scaoileadh ón oibleagáid pas a fháil sa scrúdú sin i gcás ina bhfuil sé in ann a thaispeáint, i bhfianaise na ndálaí maireachtála agus na gcúinsí atá ina sainghné dá fhanacht sa Bhallstát óstach, go bhfuil sé lánpháirtithe, i ndáiríre, i sochaí na mBallstát sin cheana féin.

Os a choinne sin, ba cheart Airteagal 34 a léiriú sa chaoi go gcuirtear bac leis ar phionós córasach a ghearradh le fíneáil mar gheall ar theip i scrúdú den sórt sin agus, ar an dul céanna, go gcuirtear bac leis ar an bhfíneáil a bheith chomh mór sin gurb ionann í agus ualach airgeadais míréasúnta don duine lena mbaineann, ag féachaint dá chúinsí pearsanta agus teaghlaigh.

An dara ceist go dtí an ceathrú ceist

77 Leis an dara ceist go dtí an ceathrú ceist, ar cheart iad a scrúdú le chéile, iarrann an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, cé acu an gcaithfear Airteagal 34 de Threoir 2011/95 a léiriú sa chaoi is go gcuirtear cosc leis ar riail náisiúnta lena gcuirtear dídeanaithe faoin oibleagáid, faoi phian

fíneála, chun pas a fháil i scrúdú lánpháirtíochta sibhialta. Iarrann sí freisin an bhfuil sé ábhartha i ndáil leis sin gur féidir leis na tairbhithe iasacht a fháil ó na húdaráis phoiblí d'fhonn na costais a íoc agus go dtarscaoilfear an iasacht sin má éiríonn leo sa scrúdú lánpháirtíochta sibhialta in am trátha nó má tá siad díolmhaithe ón oibleagáid lánpháirtíochta nó má scaoiltear uaithi iad in am trátha.

78 Mar réamhbharúil, ní mór a thabhairt faoi deara go gceanglaítear ar na Ballstáit le foclaíocht Airteagal 34 de Threoir 2011/95 rochtain ar chláir lánpháirtíochta a ráthú do thairbhithe de chosaint idirnáisiúnta a mheasann siad a bheith iomchuí nó réamhchoinníollacha a chruthú a ráthóidh rochtain ar na cláir sin, gan a eisiamh go sainráite go bhféadfadh na Stáit sin a cheangal ar thairbhithe cosanta idirnáisiúnta na costais lena mbaineann a sheasamh.

79 Mar sin féin, mar is léir ó mhíreanna 62 agus 63 den bhreithiúnas seo, cé go bhfuil lánrogha ag na Ballstáit, ceanglaítear orthu a áirithiú nach gcuirfidh bac díréireach le hinneachar na gclár sin chomh maith leis na socruithe praiticiúla maidir le heagrú na gclár sin agus na hoibleagáidí a d'fhéadfaí a fhorchur ar na rannpháirtithe sa chomhthéacs ar rochtain éifeachtach do thairbhithe de chosaint idirnáisiúnta ar na cláir sin nó ar fheidhmiú éifeachtach na gceart agus na sochar eile a eascraíonn as an Treoir sin ag na daoine sin.

80 I ndáil leis sin, ní mór a mheas, agus sainriachtanais tairbhithe de chosaint idirnáisiúnta, gnéithe dá suíomh agus a leochaileacht faoi leith á gcur san áireamh, prionsabal na comhréireachta agus éifeachtacht an chirt chun rochtain a fháil ar chláir lánpháirtíochta dá bhforáiltear le hAirteagal 34 de Threoir 2011/95 á gcur san áireamh, go gcuirtear bac ar na Ballstáit na costais a bhaineann le bearta lánpháirtíochta atá éigeantach a fhorchur ar na tairbhithe sin. Dá bhrí sin, ba cheart na bearta sin, i bprionsabal, a bheith saor in aisce. É sin ráite, ní chuirtear bac le prionsabal na comhréireachta ná le héifeachtacht Airteagal 34 ranníocaíocht airgeadais nach bhfuil míréasúnta a fhorchur, i gcás inarb iomchuí, ar thairbhithe cosanta idirnáisiúnta a bhfuil acmhainní leordhóthanacha airgeadais acu.

81 Mar sin féin, is léir ón eolas atá ar fáil don Chúirt Bhreithiúnais go bhforchuirtear ar gach tairbhí de chosaint idirnáisiúnta, leis an riail náisiúnta atá i gceist sna príomhimeachtaí, i bprionsabal, costais iomlána na saoráidí comhtháthaithe a íoc, a d'fhéadfadh a bheith an-ard.

82 Cé gur féidir le tairbhithe de chosaint idirnáisiúnta iarratas a dhéanamh ar iasacht ar suas go EUR 10 000 chun costais an chláir lánpháirtíochta sibhialta a íoc, ní gá an iasacht sin a aisíoc má éiríonn leo i ngach cuid de scrúduithe an chláir sin laistigh den tréimhse dá bhforáiltear nó má tá siad díolmhaithe ón oibleagáid maidir le lánpháirtiú sibhialta nó má tá siad díolmhaithe, laistigh den tréimhse sin, ón oibleagáid lánpháirtíochta sibhialta. Ar an taobh eile, mura bhfuil an oibleagáid sin comhlíonta acu nó má tá sí comhlíonta go déanach acu, ní mór do na tairbhithe sin an iasacht sin a aisíoc, i bprionsabal, ina hiomláine laistigh de thréimhse 10 mbliana ar a mhéid, agus é le tuiscint, áfach, i gcásanna sonracha, go bhfuil loghadh fiachais indéanta, go hiomlán nó go páirteach, faoi choinníollacha áirithe.

83 Thairis sin, féadfar cumas airgeadais an fhéichiúnaí a chur san áireamh agus méid na dtráthchodanna atá le haisíoc gach mí á socrú. I gcás cumas airgeadais neamh-leordhóthanach, d'fhéadfadh an tAire an méid atá le haisíoc a shocrú ag EUR 0 sa mhí. Tá aon fhuílleach atá fós ann tar éis 10 mbliana le díscríobh, seachas tráthchodanna thar téarma.

84 Cé gur léir ó na breithnithe a leagtar amach i míreanna 82 agus 83 den bhreithiúnas seo a fhéidearthacht iasacht a fháil chun costais na gclár lánpháirtíochta sibhialta a sheasamh ceaptha ar bhealach lena dtugtar aird éigin ar chumas airgeadais aonair na dtairbhithe de chosaint idirnáisiúnta, is amhlaidh fós, murab ionann agus na breithnithe a leagtar amach i mír 80 den bhreithiúnas seo, go bhfuil sé d'oibleagáid ar an tairbhí sin, i bprionsabal, costais na gclár sin a sheasamh, a d'fhéadfadh a bheith an-ard, ach amháin má pas a fháil sa scrúdú lánpháirtíochta sibhialta laistigh de na teorainneacha ama nó má dhéantar é a dhíolmhú ón oibleagáid an iasacht a fuair sé a aisíoc. Thairis sin, fad a bheidh an oibleagáid air pas a fháil sa scrúdú lánpháirtíochta sibhialta, is gá go mbaineann éiginnteacht le méid iomlán na hiasachta a bheidh ar an tairbhí sin a aisíoc ar deireadh agus le fad na tréimhse ina bhfanfaidh sé faoi fhiach na n-údarás poiblí, rud a d'fhéadfadh a bheith an-fhada.

85 In imthosca den sórt sin, dá mbeadh ar thairbhí de chosaint idirnáisiúnta, i bprionsabal, costais uile chúrsaí agus scrúduithe an chláir lánpháirtíochta sibhialta a íoc, bhainfí an bonn den chuspóir lánpháirtiú éifeachtach an tairbhí sin i sochaí an Bhallstáit óstaigh a áirithiú trí ualach míréasúnta a fhorchur air a chuirfeadh bac ní hamháin ar rochtain éifeachtach an tairbhí sin ar an gclár lánpháirtíochta sibhialta, ach freisin ar fheidhmiú na gceart agus na sochar eile ag an tairbhí céanna a eascraíonn as Treoir 2011/95.

86 Ag féachaint do na breithnithe uile roimhe seo, is é an freagra ar an dara ceist go dtí an ceathrú ceist ná nach mór Airteagal 34 de Threoir 2011/94 a léiriú sa chaoi go gcuirtear bac leis ar riail náisiúnta lena bhforáiltear go n-íocfaidh tairbhithe de chosaint idirnáisiúnta iad féin costais iomlána na gcúrsaí agus na scrúduithe lánpháirtíochta sibhialta. Ní féidir neamhréireacht na rialach sin le hAirteagal 34 a leigheas leis an gcaoi gur féidir leis na tairbhithe iasacht a fháil ó na húdaráis phoiblí d'fhonn na costais a íoc agus go dtarscaoilfear an iasacht sin má éiríonn leo sa scrúdú lánpháirtíochta sibhialta in am trátha nó má tá siad díolmhaithe ón oibleagáid lánpháirtíochta nó má scaoiltear uaithi iad in am trátha.

Costais

87 Ós rud é, a mhéid a bhaineann sé leis na páirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte a rinne an tarchur, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a cuireadh faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt (an Mór-Dhlísheomra) mar seo a leanas:

1. Maidir le hAirteagal 34 de Threoir 2011/95/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le caighdeáin i dtaca le cáiliú náisiúnach tríú tír nó daoine gan stát mar thairbhithe de chosaint idirnáisiúnta, ar mhaithe le stádas aonfhoirmeach do dhídeanaithe nó do dhaoine atá incháilithe le haghaidh cosaint choimhdeach, agus inneachar na cosanta a thugtar,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

ní chuirtear bac leis ar riail náisiúnta lena gcuirfí oibleagáid ar thairbhithe de chosaint idirnáisiúnta pas a fháil i scrúdú lánpháirtíochta sibhialta, ar na coinníollacha seo a leanas:

– **go gceadófaí le cur chun feidhme na hoibleagáide sin gur féidir riachtanais agus gnéithe sonracha chás na dtairbhithe agus na dúshláin lánpháirtíochta ar leith atá rompu a chur san áireamh;**

– **go ndéanfaí an t-eolas is gá chun pas a fháil a shocrú ar leibhéal iomchuí, gan dul thar a bhfuil riachtanach chun lánpháirtiú na dtairbhithe sin i sochaí an Bhallstáit óstaigh a chur chun cinn;**

– **go ndéanfaí gach tairbhí de chosaint idirnáisiúnta a scaoileadh ón oibleagáid pas a fháil sa scrúdú sin i gcás ina bhfuil sé in ann a thaispeáint, i bhfianaise na ndálaí maireachtála agus na gcúinsí atá ina sainghné dá fhanacht sa Bhallstát óstach, go bhfuil sé lánpháirtithe, i ndáiríre, i sochaí na mBallstát sin cheana féin.**

Os a choinne sin, ní mór Airteagal 34 a léiriú sa chaoi go gcuirtear bac leis ar phionós córasach a ghearradh le fíneáil mar gheall ar theip i scrúdú den sórt sin agus, ar an dul céanna, go gcuirtear bac leis ar an bhfíneáil a bheith chomh mór sin gurb ionann í agus ualach airgeadais míréasúnta don duine lena mbaineann, ag féachaint dá chúinsí pearsanta agus teaghlaigh.

2. Maidir le hAirteagal 34 de Threoir 2011/95:

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

– **cuirtear bac leis ar riail náisiúnta lena bhforáiltear go n-íocfaidh tairbhithe de chosaint idirnáisiúnta iad féin costais iomlána na gcúrsaí agus na scrúduithe lánpháirtíochta sibhialta,**

– **ní féidir neamhréireacht na rialach sin le hAirteagal 34 a leigheas leis an gcaoi gur féidir leis na tairbhithe iasacht a fháil ó na húdaráis phoiblí d'fhonn na costais a íoc agus go dtarscaoilfear an iasacht sin má éiríonn leo sa scrúdú lánpháirtíochta sibhialta in am trátha nó má tá siad díolmhaithe ón oibleagáid lánpháirtíochta nó má scaoiltear uaithi iad in am trátha.**

Sínithe